# GLÓR CHEATHARLACH

## Féile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach i gCeatharlach

REACHTÁLADH Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2010 sa Daingean, Co. Chiarraí le déanaí idir 6 agus 11 Aibreán agus b'iontach an ceiliúradh a deineadh ann. Thángadar ó na sé náisiún Ceilteach agus líonadar sráideanna an bhaile le ceol, spraoi agus rince as Gaeilge, Albanach, Breatnais, Coirnis, Briotánais agus Gaeilge Mhanann thar cúig lá. Dob é seo an 39ú Féile Pan Cheilteach agus is sa Daingean a reachtálfar an fhéile arís an bhliain seo chugainn.

Is cúis mhór áthais do Glór Cheatharlach a fhógairt go bhfuil Ceatharlach roghnaithe mar ionad don Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach do na blianta 2012 agus 2013. Agus céard í Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach? Is comhcheiliúradh ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na sé náisiún Ceilteach atá i gceist leis an bhFéile áirithe seo. Trí mheán na féile, tarraingítear le chéile na tíortha sin- Éire, Alba, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhainín, An Choirn agus An Bhriotáin.



Rinceoirí na Breataine Bige ag rince ar na sráideanna

**COMÓRTAIS AGUS SPRAOI**

I measc príomhimeachtaí na féile, bíonn comórtas d'amhrán nuachumtha, amhránaíocht traidisiúnta, rince idir-cheilteach, comórtas do chóir, agus comórtais éagsúla don chruit, fidil, píobaí agus drumaí. Bíonn imeachtaí spóirt idir-cheilteach ar chlár na féile freisin agus clár d'eachtraí imeallacha eile chomh maith. Tugann an fhéile deis d'ionadaithe ó na tíortha cheilteacha bailiú le chéile chun a spriocanna teangacha, chultúr, cheoil, amhránaíochta, spóirt agus gnó a chothú agus a neartú.

**BUNAÍODH AN FHÉILE PAN**

Cheilteach i gCill Airne sa bhliain 1971 agus bíonn sí ar siúl gach bliain an tseachtain tar éis na Cásca. Is í aidhm na féile ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do theanga, ceol, amhráin, rince agus spórt na gCeilteach mar aon le forbairt a dhéanamh ar chaidreamh agus ar mhalartú eolais idir na tíortha. Déantar turasóireacht, trádáil agus tráchtáil idir-Cheilteach a spreagadh chomh maith. Gné sainiúil na féile is ea na hoícheanta náisiúnta nuair a chuireann gach tír taispeántas dá gcultúr féin i láthair agus bíonn oíche shóisialta na tíre sin ag Club na Féile. Cuirtear taispeántais ceoil agus rince ar siúl i lár an bhaile i rith an lae chomh maith agus bíonn Ródaí Raidio na Gaeltachta i láthair ag craoladh beo ón ionad chun blas na féile a roinnt leis na héisteoirí ó cheann ceann na tíre.

**FÉILE DEN SCOTH**

'Siad na príomh rudaí a bhíonn ag teastáil i mbaile i gcóir na féile ná hallaí agus áiseanna sásúla, ostáin agus lóistín chun freastal ar na cuairteoirí, geallúint airgid áitiúil, coiste eagrúcháin éifeachtach agus staid sláintiúil na Gaeilge sa cheantar. Sheol Glór Cheatharlach iarratas ar aghaidh le bheith san aireamh mar ionad don Fhéile Pan Cheilteach agus cé go raibh iarratais ón a lán lán bailte eile ag iarraidh an fhéile a reachtáil is mór an onóir gur roghnaiodh Ceatharlach don dá bhliain as a chéile ag tosnú le Féile 2012 ó 10-15 Aibreán.

**COISTE ÁITIÚIL**

Bunófar coiste áitiúil go speisialta chun an fhéile a eagrú. Más spéis le daoine a bheith páirteach is feidir dul i dteagmháil le Glór Cheatharlach agus cuirfear míle fáilte rompu. Glacaimis leis an dúshlán chun féile den scoth a chur ar fáil don phobal áitiúil chomh maith len ár gcuairteoirí Cheilteacha. Cuirimis chuige! Ceatharlach Abú!




Bratacha na dTíortha Ceilteacha ar an Stáitse

## Clonmore



CONTACT: STASIA DOYLE TEL 059 9144491

# Children of the parish get ready for sacrament of Confirmation

CONFIRMATION will be celebrated at 2pm on April 30 in St Finian's Church, Kilquiggan.

**SYMPATHY**

Deepest sympathy to cllr James Townsend, Tinryland, Co Carlow, on the death of his wife Elizabeth (Lilly), who died recently in St Luke's Hospital after a long illness which was bravely borne. Elizabeth's burial took place in Tinryland Cemetery after concelebrated Requiem Mass by Fr John McAvoy PP, Fr Hayden, Fr Kevin O'Neill, and several more priests. She is mourned and sadly missed by her family, relatives and friends. May she rest in peace.

**SYMPATHY**

Sympathy is extended to Paddy Joyce, Graiguealug, Co Carlow, on the death of his only sister, Marie Roberts, Dalkey, Co Dublin who died in a nursing home in Donnybrook after a long illness. She was 93 years' old. She was predeceased by her late husband, Harry Roberts, a native of Carrigduff, Bunclody, who died 14 years ago. Marie's remains arrived at the Holy Trinity Church, Bunclody after 11am Requiem Mass on April 8 and were laid to rest beside her husband in the local cemetery. Marie is mourned and sadly missed by her family, relatives and friends. May she rest in peace.

**PARISH LOTTO**

Congratulations to Nicola Johnston on winning the jackpot of €1,000. Seller of the ticket was Sheila Connolly. Five winners of €40 included: Dr Murray, Tullow; Ben and Holly Ward, Tullow; Robert Tomkins, Redbog; Frances Doyle, Knockananna; and Tommy Lawlor. The numbers drawn were 4, 17 and 24; the bonus number was 7.

**CONGRATULATIONS**

Well done to the editor and staff on the new-look *Nationalist*. The smaller size will be a great help to all their readers, as the broadsheet format was so inconvenient, especially for older people. For so many years *The Nationalist* has brought interesting reading of all the news and notes, and now with the new size, it all comes to the eager readers a day earlier.

**WHIST DRIVE**

Results of the well attended whist drive on on April 16 are as follows: top score, Paudie Doyle. First prize was shared by Donal Kavanagh and Paudie Doyle. Others winners included Sadie Mortimer, Pat Dalton, Larry Murphy and Dolly Whelan. Raffle: first prize: Paudie Doyle Rathvilly; Patricia Fitzgerald, Marie Byrne and Fergus Hutton.

The next whist drive takes place in Ballyconnell Hall on April 24 at 9pm. Good support would be appreciated.

**PARISH BINGO**

Snowball is €580 in 44 numbers. Check on number 13 for a full house, win extra €30, also check on a full house on a 0 number and win €60. Bingo takes place every Sunday night at 8.30pm.

Winner of the parish envelope draw was Brigid Sands, Kilquiggan.

**New deadline for receipt of notes is Thursday night**

JC
John Courtney
PHOTOGRAPHY
Getting Married in 2010/11?
NAME YOUR PRICE!





Packages to suit every Budget
WEDDING SPECIALIST
CHECK OUT NEW WEBSITE
John Courtney Photography
Pollerton Big-Carlow Town
T: 059 91 42077 M: 087 209 4933
E: johncourtneyphotography@yahoo.ie
W: www.johncourtneyphotography.ie